An Páipéar Bán

CÍOCRAS AGUS CLAṀAIRT

—A. Ó Doṁnaill.

Tá'n Páipéar Bán ar an Ġaeilge léite agus ríoṁṫa pléite agus cíorṫa ag mórán againn anois. As a gcuala muid agus a ḃfaca muid le cúpla lá ċuir sé a ṁeaḃrú ar an Ṗiarsaċ mé agus ṫarraing mé orm a ċuid "Scríḃinní." Léiġ mé an fabal - scéal sin aige arís—An Teanga do ḃí i mbéalaiḃ báis agus na hOllaṁain. Ċuaiġ mé ar ḃallaiḃ creaṫa fá'n tarngaireaċt atá déanta aige ina scéal: "Agus ó's san teangan iasaċta do ṁolaḋ na neiṫe sin ar fad agus neiṫe eile naċ n-áiriṁtear annso, do ḃí síoṫċáin san ḋúṫaiġ, agus níorḃ ḟéidir le héinne a ċasaḋ le héinne eile naċ raiḃ an teanga ḋúṫċasaċ ina ceart aige.

Agus do ċuaiġ an teanga ḋúṫċasaċ i laige agus d'éag sí agus do cuireaḋ go h-uasal onóraċ í agus do scríoḃaḋ a feart - laoi san teangain iasaċta.

Agus mairfiḋ an teanga iasaċta go bruinn an ḃraṫa."

Ó Ḋia! Ba cíocraċ a ḃíṫear ag feiṫeaṁ leis an ċlaṁairt. Naċ ioma leaṫ-uair ċianaċ caiṫe ag tuairisceoirí, ag bolscairí, ag poiliticeoirí agus ag iarógóirí eile, fad a ḃí an t-éan ar an nid agus na h-uiḃeaċa a ngoraḋ. Ní luaiṫe a ḃí gob an éin ḃoiċt ar ḟis ná siúd a' ċonairt allta sa tóir ar an ċréatúr—

"Gan fuil ná feoil ar a ċnáṁa,
Aċ a asnaċa breiṫ bárr ó'n ḋroim." Mo ṫruaiġe-

Tá ábar tine acu arís. aċ nár ċuma aċ gur le na ndúċas atá siad a' gaḃail a scaoileaḋ. Is ioma súil ṡliṫeanta agus straṁas liobasta tcífiḋ muid anois go dtí go raiḃ a ngoile cartaiṫe ag luċt na mioscaise agus aḃar aċarinn úr-nua, ar ḃéalaiḃ breiṫ, ar a' stáca acu.

Is cuṁan linn uilig, dórnán bliantaċ ó ṡoin nuair a conaic na seoiníní naċ raiḃ dul as acu aċ teanga a dtíre a ḟoglaim ⁊ a labairt, dá ba leo a ḃeiṫ san ḟaisiún, a ḃeiṫ oideaċasiúl agus gnaoi na ndaoine a ḃeiṫ orṫu, go dtáinig fear feasa ionsorṫu aon oíċe aṁáin—an fear beag ribeaċ rua as a' doṁan ṫoir—agus trumpa Ġabriel leis. Ṡéid sé agus ṡéid sé ó ċeiṫre beanna iaṫ-glasa na hÉireann agus bé'n port a ḃí aige;

"Acktually I love the langwidge, but(t) the method is awl wrong, wrong—if you know what I mean, old boy!"

Ċuaiġ an naṫán. mar ḃeaḋ faolscaoṫ ann, trasna na sliaḃ. Ḃain sé macalla as cladaiġ árdḃeannaċa an oileáin. Ċoraiġ sé na gleanntain agus ḃog sé na móinte, agus ansin ṡlug an ċodruisc é, isteaċ siar, síos ina slugaid craosaċ le aon tarraint aṁáin. D'útaṁáil agus ṡruṫlaiġ siad ina gcogus é agus rinne é a uṫairt tríd a gcuid miodamais, go dtáinig ċugainn ina ṗilear ċruinne ó'n ċarn aoiliġ ba ḃréine dá'r ṡéid tú do ġaoṫsan léí ariaṁ. "An té ar treise leis láṁ bíoḋ aige an gaḃar bán sa fia." adeirtear, agus sé a ḋalta sin acusan é. Tá púdar tirim acu anois agus níl ann aċ cé is fearr le na scaoileaḋ — is cuma cá dtitfiḋ an t-urċar.

Is mór a' truaiġe nár cuireaḋ aguisín leis an Ṗáipéar Ḃán — aċaine dá leiṫéid seo: "Ná moltar nó ná cáintear an Páipéar Bán. Ná bíoḋ níos mó scansála ar radio, ar telefís, ar nuaċtain ná sa Dáil faoi, muna ndéantar sin i nGaeilge agus i nGaeilge aṁáin."

Tá i ḃfad barraíoċt de ḟaid na teangṫa ar ró-ṁórán ainḃfiosán sa tír seo san am i láṫair.

A. Ó D.

ÓNAR LÉIṪEOIRÍ

TAIRGSINT CABRAĊ ÓNA GAEILGEOIRÍ ṪALL

Inbear Carraí.
23-1-65.

A Eagarṫóir, a ċara,

Tá uair na cinniúnte ann. Is maol gualainn gan deartáir a deirtear. Is beag, creidim. a dtig le seandaoine agus leaṫ ṡean daoine as Gaeltaċt Ḋún na nGall a ḋéanaṁ leo ḟéin. Naċ miṫid de ċuid againn cuidiú leo. Tá níos mó Gaeilgeoirí de tógáil Ḋún na nGall in Albain ná mar atá i nDún na nGall féin. Naċ miṫid cruinniú den ċuid is mó daofa sin a ṫabairt le ċéile i nGlascú nó in Edinburgh nó in Inbear Carra. Tá sé soiléir anois go ḃfuil druim láiṁe tugṫa, ní h-aṁáin ag an Rialtas aċ ag luċt Gaeilge Áṫa Cliaṫ ar an Ġaeltaċt. Ba ṁaiṫ linn ár sciar a ḋéanaṁ le ceart a ṡeasaṁ don áit a rugaḋ agus a tógaḋ muid agus an áit a ḃfuil ár gcroíṫe go fóill. Naċ dtiocfaḋ le Muinntir na Gaeltaċta nó Misneaċ nó dream éinteaċt mar sin gabáil i gcionn a ċéile agus cruinniú mór de luċt Ġaeltaċta in Albain a ṫabairt le ċéile in áit ar biṫ de na h-áiteaċa seo go dtí go ḃfeicimís cad a b'ḟearr a ḋéanaṁ agus geallamsa duit má ċuireann siḃ cuma oibre oraiḃ ḟéin ní ḃeiḋ ganntanas airgid nó ganntanas fear oraiḃ sa deireaḋ. Is miṫid rud éinteaċt a ḋéanaṁ. Ba ṁaiṫ linne tarraingt liḃ má tá fonn gnóiṫe oraiḃ.

Mise, le meas,
Seán Ó Luaḋóg.

GO MBEIḊ ÁR NGOṪA LE CLOS

Corca Duibne.
24-1-65.

A Eagarṫóir, a ċara,

Is breá ar fad an tuairisc seo a rabamar go léir ag fanaċt leis le sé bliana anois. Ċeapamar go raḃ gaċ rud ċun ḃeiṫ ar ár dtoil anois, ċeapamar go mbeaḋ obair le fáil ag 'ċaon duine againn ariaṁ, ċeapamar naċ mbéaḋ aon ġnó feasta leis an Ġaeltaċt a ḟágaint nó dul ar lorg oibre, aċ ní mar a síltear a bítear. Cad tá ann dúinn san bPáipéar Bán? Níl faic, aċ gaċ rud mar a bí. Tuilleaḋ cainnte. tuilleaḋ moltaí aċ gan aon obair nó gan aon saoṫrú. Ní h-aon ṁaiṫeas domsa a ḃeiṫ ag caint. Ní h-aon ṁaiṫeas don ḃfear ṫall ḃeiṫ ag caint, tágaimís le ċéile, socruiġeaḋ duine éigean cruinniú i gCorca Duibne agus duine eile cruinniú i Uiḃ Raṫaċ go dtágaimíd le ċéile ⁊ go mbéiḋ ár ngoṫa le clos. Ní h-uair na faille é. Ná cuirimís suas leis an éagcóir seo nó b'ḟearr dúinn go léir glanaḋ as an Ġaeltaċt agus iad a ḟágáil faoi Gaeilgeoirí galánta Ḃaile Áṫa Cliaṫ.

Mise, le meas,
Seán Ó Dúḃain.

EAGÓIR ATÁ A ḊÉANAṀ

Maistir Gaoiṫe,
Uiḃ Raṫaċ.
23-1-65.

A Eagarṫóir, a ċara.

Anois cad is fiú moltaí agus smaointe? Noċtaíoḋ doṫan de smaointe agus de pleananna in bur bpáipéar-sa le sé nó seaċt de ḃlianta anuas. Dá gcuirtí a leaṫ dóiḃ i ḃfeiḋm ḃéaḋ an Ġaeltaċt a slí a slánuiṫe, aċ níor cuireaḋ agus ní ċuirfear. Ina ionad sin tugtar Páipéar Bán dúinn a tiomsuiġeaḋ amaċ as cuid smaointe na ndaoine atá ina suí ina gcaṫaoireaċa breáṫa boga in oifigí móra i mBaile Áṫa Cliaṫ. Is cuma leo siúd faoi Baile 'n Sceilg, nó Mainistir Gaoiṫe nó Corcha Duibne nó Oileán Cléire. Is cuma leo aċ go leanfaḋ an saol mar atá sé acu féin—an saol is fearr is féidir a ḃeiṫ ann dar leo siúd. Do ṫeip ar an ċaint, do ṫeip ar an ċiall, do ṫeip ar na moltaí bunúsaċa. Anois ní miste rud éigean eile do ṫaisbáint. Léirimís don tsaol cad é an éagóir atá a ḋéanaṁ ar ṗobail boċt na Gaeltaċta a ċoiméad an Gaoluinn tríd an ngéarleanint go dtáinig an saoirse agus a ṫug don ċuid eile den tír í, aċ anois naċ ḃfuil ceart nó cóir le fáil dóiḃ ḟéin. Tógaimís ár nguṫanna go h-árd agus déanaimís an scéal a míniú do ṗobal na Fóḋla.

Mise. le meas,
S. Ó Siḋċrú.

ÓN GĊAṪAOIR

Conamara.

A Eagarṫóir, a ċara,

Ġlac Aire na Gaeltaċta caoi agus é ag scríoḃaḋ litir ċuig Cumann Ḟianna Fáil i mBóṫar na Trá. fá suíoṁ an ṁonarcan nua Alginates, le h-ionsaí a ḋéanaṁ ar an rud a dtugann sé 'Uniformed Armchair Critics' air, a bí ag rá gur ċeart an ṁonarca a ṡuíoṁ ag Cill Ċiaráin. Ar ṁiste leis an Aire a rá:

1. Ar ḋein sé fógra ar an scéim seo mar scéim £1m. don Ġaeltaċt?
2. An raiḃ sé suite fá leaṫṁíle do lár ċaṫair na Gaillimhe?
3. An ḃfuil aon ḟoinse eile uisce aċ aṁáin an Coiriḃ?
4. Cá ḃfuil an foinse uisce le fáil i Muiġeo nó i nDún na nGall?

Ní maiṫ linn an tráċt ar 'Arm-chair Critics' ó Aire naċ dtug cuairt ar Ġaeltaċt Ċonamara le cúig bliana, agus nárḃ eol dó fiú aṁáin go raiḃ Coláistí Gaeilge i gConamara. Ní ḟeileann an 'Armchair Critics' do aon duine ċoṁ maiṫ agus a ḟeileann sé don Aire é féin.

Beiḋ suim againn a ḟeiscint cé'n áit a mbeiḋ an ṁonarca seo sa deireaḋ.

Miċeál S. Ó Móráin, P. Ó Foiġil
(Có-Ċoiste Coistí Forbarta Gaeltaċt Ċonamara).

TAOIDE BARRLÁN

Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
30-1-65	04.42	17.10	3.59	16.27	3.48	15.06
31	5.20	17.48	4.37	17.05	3.31	15.46
1-2-65	5.55	18.21	5.11	17.38	4.09	16.12
2	6.27	18.52	5.44	18.09	4.44	16.57
3	6.59	19.24	6.16	18.41	5.18	17.32
4	7.31	19.57	6.48	19.14	5.52	18.05
5	8.07	20.33	7.24	19.50	6.25	18.39

GLEANNḂARR

An Páipéar Bán. Tá muintir na Gaeltaċta seo sásta leis an Ṗáipéar Ḃán, go háiriṫe leis an ċuid sin de a ḃaineas le h-oideaċais, le deontas na gcúig bpunt. le talṁaíoċt. le tiṫe agus le tiṫe gloine agus le cuairteoirí ċun na Gaeltaċta aċ go mór-ṁór tá siad sásta go ḃfuil aċan gné go ḃfuil an Rialtas dáiríre in aṫḃeoċaint na Gaeilge.

Préataí. Olc agus mar ḃí na préataí ar fud na tíre anuraiḋ caiṫfiḋ sé ḃeiṫ na raiḃ an barr ró olc sa limistéar seo den tír óir d'imiġ an 9ú lasta préataí póir as Raṫ Ṁaoláin ar na maltaiḃ agus tá cuid ṁaiṫ le h-imeaċt go fóill. Táṫar an ċúramaċ leis an ḃarr anseo agus níttear é a ġiollaċt go maiṫ b'ḟéidir gur sin an fáṫ go raiḃ an barr go réasúnta maiṫ sa ċeantar. Táṫar a' dréim go mbéiḋ préataí tábla gann agus daor ar an earraċ seo ċugainn.

Aimsir: Tá aimsir éagsaṁail againn ó'n Nollaig anuas, stoirm ṁillteanaċ, clóċa sneaċta, soill-se agus toirneaċ agus indiaiḋ sin ciúineas. Corr uair ṫuit cuid ṁaiṫ sneaċta agus ṡioc sé go trom. Tá na cnoic faoi clúdaċ sneaċta ar na laeṫe seo agus tá siocán trom againn.

Buailteoir. Tá'n t-inneall buailte taistil gnoiṫeaċ sa ġleann ar na laeṫe seo. Leaṫċéad ḃliain ó ṡoin buailtí an coirce anseo leis ant-súiste. Indiaiḋ sin fuair cuid ṁór de na feirmeoirí an t-inneall buailte agus ḃí deireaḋ leis an tsúiste aċ, anois tig an t-inneall buailte taistil agus teiġeann sé ó ḟeirm go feirm agus buaileann sé cibé ar biṫ coirce atá ag feirmeoir i lá aṁáin agus bíonn deireaḋ leis an obair sin go cionn bliana eile. Is iontaċ an t-aṫrú a ṫáinig ar an áit taoḃ istiġ de leaṫ-ċead ḃliain.

CARNA

An tseaċtain seo ċugainn, osclófar. fé ḋeireaḋ ṫiar ṫall, gairmscoil nua Ċárna. Ḃí an scoil le h-oscailt i mí Ṁeán Fóṁair seo caite, ar tús, aċ ċuir stailc na dtógálaiṫe i mBaile Áṫa Cliaṫ isteaċ air, agus b'éigin an oscailt a ċur siar. Ag an ċruinniú an tseaċtain seo ċaite, den Ċoiste Gairm-oideaċais. dúirt Seán Ó Doċartaiġ, B.O.F., "Ḃí mé amuiġ ansin mé féin, agus ċonaic mé an ċuma atá ar gaċ rud. Ḃí mé ag caint leis an Conraṫóir agus ḃrú mé go gcaiṫfí an scoil do oscailt gan ṁoill. Dúirt mé leis go gcaiṫfimís seilḃ do ḟáil ar an ḟoirgneaṁ an tseaċtain seo ċugainn." "Raċaiḋ [illegible]uid -amaċ an tseaċtain seo ċugainn," arsa an tUasal Ó Doċartaiġ, "agus glacfaiḋ muid as láiṁ go h-oifigiúil é, agus beiḋ sé ar oscailt do ṁicléinn san ċéad seaċtain de mí na Feabra." Is áḃar áṫais agus áḃar dóċais do muinntir Cárna agus muinntir Iarṫar Ċonamara ar fad, oscailt na scoile seo. a ḟágfaiḋ Gairm-oideaċais ar fáil do na gclann ina ṗaráiste féin.

TREASNÁIL ḊÁ ROINN

Ḋá roinn ag cur teora lena ċéile. Sin é an rud a ḃí ar siúl ag Coiste Gairmoideaċas Ċiarraí. Dúirt Roinn an Oideaċais, go gcaiṫfeaḋ an coiste scoláireaċtaí taistil do 5 scoileanna sa ċonndae, do ġearraḋ anuas go dtí aontriú — cuid den méid a ḃí an coiste ċun taḃairt.

Dúirt siad leis. naċ ḃféadfaḋ an Coiste fuilleaċ an ċostais do ṡeasaḋ i gcás scoláireaċta taistil Roinn na Gaeltaċta, do scoileanna an Daingean, agus an Corrán.

Ní raiḃ an Coiste sásta in aon ċor, mar deir siad go ḃfuil an clár scoláireaċta s'acusan ag cur leis an Dára Clár Eacnamaiciúl don leaṫnú eacnamaiceaċ. "Is gá cúrsaí speisialta do ceantraċa donra scoiṫe le freastal ar riaċtanaisí daoine óga fá ċoinne gairmoideaċais. Dá gcuirtí scoileanna ar bun ins na ceantair seo, ḃeiṫfí ag tógaint a lán scoileanna beaga naċ ḃféadfaí clár oibre sásúil do ċúrsaí lae do ṡoláṫar ionnta. Ċun déileáil leis seo, iarrfar ar Coistí Gairm-Oideaċais deontaisí taistil nó scéimeanna deontaisí taisteal a leaṫnú, mar atá ḋa ḋéanaṁ i gCondae Áiṫrid faoi láṫair."

Ba é an cúis ar ġéarr an Roinn na scoláireaċtaí nó gur ḋúirt siad dá dtugtaí iad do gaċ duine a ḃain cáilíoċt amaċ san scrúdúċáin. gur DEONTAISÍ ḃeaḋ ionta agus naċ SCOLÁIREAĊTAÍ.

D'innis an Roinn don Coiste leis, naċ raiḃ aon ċuṁaċt acu deontaisí taistil a ṫabairt do na gcuid daltaí, agus mar sin de, naċ raiḃ cead acu síntiús a ṫaḃairt do ċostas taistil daltaí go Scoil an Ċorráin agus an Daingean faoi scéimeanna Roinn na Gaeltaċta.

Tá an Coiste Gairm-oideaċais ag cur toscaireaċt ar leiṫ ċuig an Aire le míniú a ḟáil ar an rud atá i gceist anseo.

Dúirt an Príoṁ-Oifigeaċ go mbeaḋ an Ċoiste faoi ḋeacraċt mór dá gcaiṫfí ísliú a ḋéanaṁ ar uiṁir na scoláireaċt.

Ba ṁeasa ar ais é muna mbeaḋ siad in ann an fúilltaċ costais a íoc in scéim Roinn na Gaeltaċta.

Ag freagairt ceiste ó Seán S. Ó Laoire, dúirt an Príoṁ-Oifigeaċ. gur oibriġ Scéim Roinn na Gaeltaċta ins na ceantair fíor-Ġaeltaċta agus ionta, d'ḟéadfaḋ gaċ páiste a ḃí ós cionn trí ṁíle nó níos mó ó Scoil Gairm-Oideaċas tairḃe a ḃaint as. D'íoc na páistí scilling sa lá — d'íoc an Coiste Gairmoideaċais costas iomlán an taistil, agus d'íoc Roinn na Gaeltaċta 80 p.c. suas go dtí iomlán den £500 sa ḃliain.

Ní raiḃ aon scrúdú nó aon trial maoine.

Ḃí an scéim ag obair i nDaingean agus ceantar an Ċorráin. Dúirt an Príoṁ-Oifigeaċ go raiḃ deacraċt ag an Ċoiste i gcónaí leis an Roinn.

Dúirt Caṫaoirleaċ an Ċoiste, an Monsignor Ceart-Oirṁinneaċ S. Ó Liaṫáin, gur ċeart go mbeaḋ polasaí níos fearr ná seo ag an Roinn.

Dúirt Miċeál Ó Múineaċáin gur cruatan ar páistí boċta é.

Ar ṁolaḋ Pádraic Pailméar, agus Seán Ó Muirċeartaiġ, glacaḋ leis an méid adúirt an Monsignor Ó Liaṫáin, fán ḟoráil cuí den Dara Clár do leaṫnú Eacnamiceaċ a ċur faoi ḃráid na Roinne.